

Curaclam Teanga na Bunscoile

Ceisteanna & Freagraí

Cumarsáid agus fáil ar CTB ina iomláine

1. Cén dáta ar a mbeidh an chóip chrua den CTB ar fáil i scoileanna?

Scaipfear an chóip chrua den CTB ar scoileanna i mí Aibreáin. Maidir leo siúd a bheidh ag freastal ar sheimineáir FGL Lá 2 i mí Aibreáin, beidh cóipeanna cruacha ar fáil ag ionad an tseimineáir.

2. Cén dáta ar a mbeidh an mhéaróg USB ar fáil i scoileanna?

Cuirfear an mhéaróg USB ar fáil do phríomhoidí sna scoileanna uile ag druidim le deireadh mhí na Bealtaine. I scoileanna a bhfuil sé aitheanta go bhfuil an nascacht lag iontu, cuirfear méaróga USB ar fáil freisin do na múinteoirí uile sna scoileanna sin, arís ag druidim le deireadh mhí na Bealtaine.

3. An mbeidh sé de rogha ag scoileanna an dá leathlá a chur le chéile agus dúnadh scoile amháin a eagrú i ndiaidh an dara seimineáir FGL?

Tá dearbhú ar an nós atá le leanúint ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS

(<http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Curaclaim-agus-Siollabas/Curaclam-na-Bunscoile/Soileiriu-ar-Chur-Chun-Feidhme-Churaclam-Teanga-na-Bunscoile-Primary-Language-Curriculum.pdf>) a shoiléiríonn go “gcuirtear na leathlaethanta in alt a chéile chun léiriú a éascú tar éis gach ionchuir ó SFGM, ach tá rogha ag scoileanna maidir le huainiú an dúnta sa bhliain acadúil seo. Chomh maith leis sin, féadfaidh scoileanna an dá leathlá a chomhcheangal ina ndúnadh scoile lae iomláin amháin chun críche FGL foirne uile trí thacaí ar líne a úsáid.”

4. An eiseofar soiléiriú in imlitir maidir leis an dá leathlá a chomhcheangal in aon dúnadh scoile amháin agus maidir leis an amlíne don ábhar sin?

Tá soiléiriú ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS (<http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Curaclaim-agus-Siollabas/Curaclam-na-Bunscoile/Soileiriu-ar-Chur-Chun-Feidhme-Churaclam-Teanga-na-Bunscoile-Primary-Language-Curriculum.pdf>) agus i gcóip chrua eisithe le lítir chuig gach scoil.

5. An mbeifear ag súil go dtosóidh scoileanna ar an gcur chun feidhme sula bhfaigheann siad oiliúint foirne uile?

Ní bheifear - féach an soiléiriú ar shuíomh gréasáin ROS (<http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Curaclaim-agus-Siollabas/Curaclam-na-Bunscoile/Soileiriu-ar-Chur-Chun-Feidhme-Churaclam-Teanga-na-Bunscoile-Primary-Language-Curriculum.pdf>)

6. Cad a mholann ROS do scoileanna sinsearacha (ranganna 3 go 6) maidir le cur chun feidhme reatha CTB do naíonáin go Rang 2 i dtaca le freastal ar oiliúint agus FGL/pleanáil foirne uile?

Sa scoilbhliain dar críoch Meitheamh 2016, díríonn FGL ar ardú feasachta agus an CTB a chur i láthair. Tugadh cuireadh do na príomhoidí uile freastal ar Sheimineáir Lá 1 a cuireadh i gcrích in Eanáir 2016. Tugtar cuireadh don phríomhoide agus múinteoir amháin eile ó gach scoil freastal ar Sheimineáir Lá 2, a bhíonn ar siúl i ndiaidh an tsosa Cásca.

Samhlaítear go mbainfidh na scoileanna uile sna comhthéacsanna uile leas as ceann amháin de na roghanna um dhúnadh scoile atá molta (2 dhúnadh leathlae nó 1 dúnadh lae iomláin) d'fhonn iad féin a chur ar an eolas faoi ábhar agus leagan amach Churaclam Teanga na Bunscoile. Ócáid FGL í seo a bheidh á stiúradh ag an scoil. Tabharfar treoir agus tacaíocht don fhoireann i ngach scoil chun an tairbhe is fearr agus is féidir a bhaint as a ndúnadh scoile (a ndúnta scoile) trí thacar d'ábhar tacaíochta, lena n-áirítear tacaí ar líne.

Sna scoilbhlianta 2016/2017 agus 2017/2018, samhlaítear go bhfreastalóidh gach ball foirne i scoileanna sóisearacha agus scoileanna ingearacha ar FGL don CTB, ranganna na naíonán go rang a dó.

Ní bheifear ag súil go bhfreastalóidh baill foirne scoileanna sinsearacha ar FGL don CTB, ranganna na naíonán go rang a dó, in 2016/2017 agus freisin in 2017/2018 ach amháin má iarrann siad go sonrach é sin a dhéanamh i gcomhthéacs, m.sh., bogadh atá beartaithe chuig scoil shóisearach nó scoil ingearach.

Tabharfar an deis do mhúinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainne, cibé bunaithe go hiomlán i scoileanna sinsearacha nó le scoil shinsearach mar bhonnscóil, leas a bhaint as FGL don CTB, ranganna na naíonán go rang a dó, in 2016/17 agus in 2017/18.

Pleanáil

1. Cé a thabharfaidh treoir do scoileanna maidir le pleanáil agus cathain a eiseofar an treoir seo?

Cuirfidh CNCM teimpléid agus treoirlínte ar fáil do scoileanna i dtaca le pleanáil fhadtéarma agus ghearrthéarma bunaithe ar an Churaclam Teanga na Bunscoile do naíonán shóisearacha go rang a dó. Beidh

na tacaí seo don phleanáil ar fáil do scoileanna ó Mheán Fómhair 2016 agus cuirfear leo de réir a chéile. Beidh obair le scoileanna agus comhpháirtithe oideachais mar bhonn le forbairt na n-ábhar pleanála.

2. An gcuimsíonn an phleanáil torthaí foghlama, clocha míle dul chun cinn, agus céimeanna dul chun cinn, agus conas a bhaineann múinteoirí úsáid as na contanaim dhul chun cinn don phleanáil?

San obair atá ar siúl le scoileanna faoi láthair chun ábhair pleanála a fhorbairt, táthar ag díriú ar Thorthaí Foghlama, Clocha Míle Dul Chun Cinn agus Céimeanna Dul Chun Cinn. Ag féachaint do Thorthaí Foghlama ar leith, baineann múinteoirí úsáid as na Clocha Míle Dul Chun Cinn chun a aithint cén áit a bhfuil leanaí ina bhfoghlaim agus forbairt teanga. Agus cibé cloch mhíle (nó clocha míle) aitheanta acu (a - h) ónar chóir teagasc a thosú, is féidir le múinteoirí na Céimeanna Dul Chun Cinn a úsáid chun éispéiris agus gníomhaíochta saibhre teanga a phleanáil chun tacú le leanaí ina dteanga labhartha, léitheoireacht agus scríbhneoireacht (féach leathanach 14 i gCuraclam Teanga na Bunscoile).

3. Conas a dhéanann múinteoirí i suíomhanna ilranga an CTB a phleanáil agus a sheachadadh nuair a chuimsíonn an grúpa ranganna an roinn shóisearach agus an roinn shinsearach den scoil freisin, i.e. ranganna a 2, 3 agus 4 le chéile?

Maidir leis na tacaí atá á bhforbairt chun cuidiú le múinteoirí an curaclam teanga nua a úsáid chun pleanáil do theagasc agus foghlaim, freastalaíonn siad ar sheomraí ranga ilghrád ó naíonáin shóisearacha go rang a dó. Cuirfear soiléireacht ar fáil maidir le pleanáil le curaclam na bliana 1999 agus an curaclam nua araon dóibh siúd i seomraí ranga ilghrád a chuimsíonn ranganna sóisearacha agus sinsearach.

4. An gcuirfear an t-ábhar tacaíochta uile ar fáil as Gaeilge agus as Béarla araon, i.e. an mbeidh leagan Béarla agus leagan Gaeilge de gach mír den ábhar tacaíochta?

Áiríonn an tÁbhar Tacaíochta comhairle phraiticiúil mar threoir ar theagasc na teanga labhartha, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta i gcéad theanga agus dara teanga na scoile. Tá roinnt acmhainní ábhartha leis na trí comhthéacsanna scoile agus tá siad ar fáil as Béarla agus as Gaeilge, mar shampla, *Aistriú Scileanna Thar Teangacha* agus *Spráúlacht i dTeagasc agus Foghlaim Teanga*. Tá acmhainní eile forbartha do chomhthéacs teanga áirithe nó díríonn siad ar ghnéithe ar leith de cheann amháin de na teangacha, mar shampla, *Fónaic* agus *Struchtúr Abairte agus Gramadach*.

Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

1. An curaclam teanga é seo do na daltaí uile sna suíomhanna uile?

Tá Curaclam Teanga na Bunscoile ann do mhúinteoirí leanaí le gach uile inniúlacht i ngach uile comhthéacs scoile.

2. Cén ábhar breise a chuirfear ar fáil chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

Tá na Torthaí Foghlama agus na Contanaim Dul Chun Cinn ceaptha chun tacú le múinteoirí sa phleanáil agus sa soláthar d'eispéiris idirdhealaithe chun cur ar chumas leanaí dul chun cinn a dhéanamh, ar a luas féin, sa teanga labhartha, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht. Déanann na contanaim, agus na heiseamláirí a ghabhann leo, é seo trí léiriú a thabhairt ar 'aistir foghlama' leanaí i dtreo na dTorthaí Foghlama, agus tugann Ábhar Tacaíochta comhairle phraiticiúil maidir le cuir chuige teagaisc ar leith a bhfuil tábhacht ar leith leo (mar a aibhsíodh sa taighde) sa teagasc teanga sna luathbhlianta bunscoile.

3. Cén chomhairle ar leith atá le cur ar mhúinteoirí daltaí i ranganna speisialta, scoileanna speisialta agus múinteoirí daltaí aonair a mbíonn uaireanta acmhainne de dhíth orthu, maidir le húsáid CTB?

Maidir le roinnt leanaí a bhfuil leibhéal riachtanais níos airde acu agus a mbeidh cur chuige de dhíth orthu, b'fhéidir, atá níos mó ar bhonn aonair, tá an fhoghlaim tosaíochta atá laistigh de Chloch Mhíle 'a' ar na Contanaim Dul Chun Cinn aitheanta agus úsáidte chun Aonad Foghlama Tosaíocht a fhorbairt dar teideal, *Cumarsáid, Teanga agus Litearthacht*. Tá contanam amháin san aonad seo chun cuidiú le múinteoirí idirdhealú a dhéanamh sa teagasc agus foghlaim do leanaí a bhfuil míchumais foghlama ginearálta idir meánach agus trom agus dian-mhíchumais foghlama ginearálta orthu. Forbrófar eiseamláirí d'fhoghlaim teanga leanaí feadh an chontanaim seo agus ábhar tacaíochta oiriúnach do mhúinteoirí a bhíonn ag obair leis an gcóhórt seo de leanaí. Beidh an struchtúr céanna acu seo leis na cinn sin i gCuraclam Teanga na Bunscoile. Beidh na hábhair seo ar fáil do scoileanna sa scoilbhliain 2016/17.

4. An mbainfear úsáid as sonraí a bhaineann le clocha míle, agus líon na ndaltaí ar gach cloch mhíle, chun an 'comhthéacs scoile' a chinneadh don tsamhail tacaíochta nua á forbairt ag CNOS? (Cosúil le húsáid na dtrialacha caighdeánacha)

Ní bhainfear. Níl na Contanaim Dul Chun Cinn caighdeánaithe agus mar sin ní féidir iad a úsáid chun na críche sin.

Pleanáil agus an Chigireacht

- Ní rithfidh cigireacht chun tosaigh ar an bhfráma ama do chur chun feidhme an Churaclaim Teanga nua i scoileanna mar atá leagtha amach in Imlitir 0061/2015 agus mar a soiléiríodh ina dhiaidh sin ag <http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Curaclaim-agus-Siollabas/Curaclam-na-Bunscoile/Soileiriu-ar-Chur-Chun-Feidhme-Churaclam-Teanga-na-Bunscoile-Primary-Language-Curriculum.pdf> .
- Is é an príomhfhócas a bheidh ag an gCigireacht le linn na gníomhaíochta cigireachta nuair a bheidh an teanga curaclam á thabhairt isteach ná ar thacú le scoileanna trí:

- iad a spreagadh chun athmhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas maidir le teagasc agus foghlaim teanga
 - plé maidir lena bhfuil á dhéanamh ag scoileanna ina leith seo
 - dearbhú ar an dea-chleachtas agus ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo sa rannpháirtíocht leis an gcuraclam nua, agus
 - comhairle a sholáthar maidir leis an gcaoi le cur chun feidhme a thosú/a chur chun cinn.
- Leagfar béim ar leith ar ról comhairleach na Cigireachta sa tacú le rannpháirtíocht scoileanna agus múinteoirí le Curaclam Teanga na Bunscoile le linn 2015/2016 & 2016/2017 nuair a bheidh scoileanna agus múinteoirí á gcur féin ar an eolas faoin gcuraclam agus ag tosú ar shnáithe na teanga labhartha a chur chun feidhme.
 - Le linn 2017/2018, déanfar breithniú ar an dul chun cinn atá déanta ag scoileanna i gcur chun feidhme shnáithe na teanga labhartha i ranganna na naíonán go rang a dó le linn cigireachtaí ar an soláthar teanga i mbunscoileanna. Ó Mheán Fómhair 2018, cuirfear cur chun feidhme Churaclam Teanga na Bunscoile iomlán, i ranganna na naíonán go rang a dó, san áireamh sna próisis chigireachta.

1. Cén ionchais a bheidh ag an gCigireacht maidir le pleanáil ghearrthéarma agus fhadtéarma in 2016/17, 2017/2018, agus níos faide ar aghaidh?

Fágtar faoi na scoileanna a chinneadh cén próisis phleanála a chuirfidh siad ar bun chun tacú le seachadadh Churaclam Teanga na Bunscoile ag leibhéal an tseomra ranga agus leibhéal na scoile uile. I láthair na huaire tá ábhair agus uirlisí á bhforbairt ag CNCM a chuideoidh le scoileanna agus múinteoirí ina leith seo.

Beidh ionchur na gcigirí le linn 2016/17 ag díriú ar chomhairle a chur ar scoileanna agus múinteoirí faoin gcaoi ina bhféadfaidh siad gabháil don pleanáil do chur chun feidhme shnáithe na teanga labhartha. Le linn 2017/2018, déanfar breithniú ar an gcaoi ina bhfuil scoileanna agus múinteoirí ag pleanáil do chur chun feidhme shnáithe na teanga labhartha le linn cigireachtaí ar an soláthar teanga. Ó Mheán Fómhair 2018, cuirfear breithniú ar an bpleanáil do chur chun feidhme an churaclaim teanga iomlán, do ranganna na naíonán go ranganna a dó, ag leibhéal na scoile uile agus ag leibhéal an tseomra ranga, san áireamh sa chigireacht ar an soláthar teanga.

2. An féidir le múinteoirí na clocha míle/contanaim dul chun cinn a úsáid de réir mar is mian leo nó an dtabharfaidh ROS nó an Chigireacht treoir dóibh conas iad a úsáid?

Sa churaclam teanga nua agus a ábhair tacaíochta, tugtar treoir do scoileanna agus múinteoirí maidir le ról agus úsáid na gcontanam dul chun cinn. Tá úsáid na gcontanam dul chun cinn ceaptha le bheith forbarthach agus foirmitheach agus léirítear é seo sna teachtaireachtaí a thugtar do scoileanna agus múinteoirí le linn na seimineár tacaíochta.

Chomh maith leis na torthaí foghlama, soláthraíonn na contanaim dul chun cinn pointí tagartha tábhachtacha sa chaoi is gur féidir leis na múinteoirí pleanáil d'fhoghlaim teanga leanaí, agus breitheanna a dhéanamh ina leith, agus cinneadh a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile sa teagasc agus san fhoghlaim chun cuidiú le leanaí dul chun cinn a dhéanamh sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Cuireann na contanaim dul chun cinn solúbthacht ar fáil do scoileanna chun ionchais a aithint d'fhoghlaim agus forbairt teanga leanaí, bunaithe ar a gcomhthéacs foghlama teanga agus déimeagrafach ar leith agus i gcomhréir leis na torthaí foghlama do gach céim, agus cuspóirí a leagan amach atá oiriúnach dá gcomhthéacs féin.

Pleanáil agus Measúnú

1. Conas a bhaineann múinteoirí úsáid as na contanaim dul chun cinn chun tacú le teagasc agus foghlaim?

Tá na contanaim dul chun cinn ceaptha le tacú le múinteoirí chun pleanáil a dhéanamh maidir lena gcéad chéimeanna eile sa teagasc na teanga labhartha agus na litearthachta sa chaoi is gur féidir leis na leanaí uile dul chun cinn a dhéanamh sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon. Agus na contanaim in úsáid acu chun na críche seo, bailíonn múinteoirí eolas ar bhonn leanúnach ó chomhrá le leanaí, ó éisteacht le leanaí ag léamh agus óna n-obair scríofa. Ar an gcaoi sin, faigheann na múinteoirí tuiscint níos doimhne ar fhorbairt na scileanna teanga agus litearthachta ag na leanaí ina seomra ranga. Cuidíonn an tuiscint seo leis na múinteoirí pictiúir shaibhre a thógáil de leanaí mar fhoghlaimeoirí teanga i dTeanga 1 agus Teanga 2 na scoileanna. Ag baint úsáid as an léargas seo chomh maith leis na contanaim dul chun cinn, baineann múinteoirí úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil faoi cad atá ar eolas ag leanaí agus cad is féidir leo a dhéanamh, d'fhonn eispéiris teanga bhreise a phleanáil chun cuidiú leo dul chun cinn a dhéanamh.

Nuair a úsáidtear na contanaim dul chun cinn ar an mbealach seo, bíonn na múinteoirí ag smaoineamh faoi:

- Cá bhfuil na leanaí anois ina bhfoghlaim teanga?
- Cad í an chéad chéim oiriúnach eile do na leanaí ina bhfoghlaim teanga?
- Cén eispéiris is gá dom a phleanáil agus a sholáthar chun cuidiú leis na leanaí an chéad chéim eile ina bhfoghlaim a bhaint amach?

Tugann an contanam dul chun cinn do gach snáithe i ngach teanga tacaíocht phraiticiúil do múinteoirí i bpleanáil agus teagasc an dá theanga.

I gcás roinnt leanaí, b'fhéidir go gcinneadh múinteoirí go mba thairbheach an rud é don leanbh agus don mhúinteoir an contanam dul chun cinn a úsáid do shnáithe agus teanga ar leith, chun dul chun cinn an linbh sin a bhreathnú níos dlúithe. Mar shampla, d'fhéadfadh sé seo a bheith cabhrach áit a mbíonn riachtanas aitheanta ar leith ag leanbh. Arís, is í an aidhm tacú le pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim sa chaoi is go gcuidítear leis an leanbh ar leith dul chun cinn a dhéanamh.

2. An mbeifear ag súil leis go dtuairisceoidh múinteoirí do thuismitheoirí ag baint úsáide as clocha míle/contanaim dul chun cinn?

Ní bheifear. Níltear ag súil go mbainfear úsáid as na contanaim dul chun cinn agus na clocha míle a ghabhann leo do chúiseanna tuairiscithe. Baineann bunscóileanna úsáid as an gCruthaitheoir Cárta Tuairisce nó Teimpléid Chártaí Tuairisce ar shuíomh gréasáin CNCM ag www.ncca.ie/primaryreporting chun tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil a leanaí sa Bhéarla agus sa Ghaeilge.

Múineadh na Gaeilge agus an Tumoideachas

1. In éagmais théamaí ar leith agus feidhmeanna teanga ar leith, cad as a dtiocfaidh an t-ábhar Gaeilge?

- Tá liosta de *Téamaí* ar leathanach 110 den CTB sa Ghluais. Is iad na *téamaí* atá sa liosta na téamaí céanna atá luaite i gcuraclam Gaeilge 1999. Téamaí molta is ea iad seo agus moltar do scoileanna a dtéamaí féin a chruthú tógtha ó réimsí atá spéisiúil agus ábharthach do na leanaí ina gcomhthéacs.
- Cuirfear ábhar tacaíochta ar fáil ar na *feidhmeanna teanga* agus tacófar leis seo le heiseamláirí d'fheidhmeanna teanga.
- Fanann an cur chuige atá molta do theagasc na Gaeilge mar an gcéanna leis an gcur chuige i gcuraclam 1999. Beidh ábhar tacaíochta ar fáil maidir leis an gcaoi chun an *cur chuige cumarsáideach* a chur chun feidhme.
- Tá ábhar tacaíochta ar fáil ar theagasc foirm-dhírthe sa Ghaeilge, *Struchtúr abairte agus gramadach*
- Tá tacaíocht ar fáil chun cuidiú le múinteoirí ciall a bhaint as na gnéithe breise don Ghaeilge, *Gluais na gramadaí: eiseamláirí de struchtúir Ghaeilge*
- Tá ábhar tacaíochta ar fáil do theagasc scileanna litearthachta Gaeilge i réimsí amhail: fónaic, léitheoireacht faoi threoir, seánraí scríbhneoireachta agus an cheardlann scríbhneoireachta.
- Moltar do scoileanna Béarla gabháil do chleachtas na foghlama comhtháite ábhar agus teangacha (CLIL) agus beidh ábhar tacaíochta ar fáil ar úsáid CLIL mar chur chuige i leith na foghlama teanga.
- Tacaítear le haistriú scileanna thar teangacha le hábhar tacaíochta.
- Tugann conairí i bhfoghlaim na Gaeilge mar dhara teanga tuiscint ar an gcaoi ina shealbhaíonn agus ina bhforbraíonn leanaí an teanga.

2. Ó tharla gur cosúil go bhfuil taighde ann a thacaíonn leis an tumoideachas, an féidir le scoileanna Béarla le riachtanas teanga ar leith (m.sh. scoileanna DEIS ina bhfuil teanga na ndaltaí lag nó scoileanna le cion mór de dhaltaí a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise acu) an tumoideachas a chur i bhfeidhm ina suíomh freisin, ach díriú ar an mBéarla? Má tá an taighde ann i leith na Gaeilge, nach mbaineann sé leis an mBéarla freisin?

- Cuireann an tumoideachas sa Ghaeilge comhthéacs dílis ar fáil d'fhoghlaim na Gaeilge mar dhara teanga agus láidríonn sé inniúlacht teanga an linbh i gcoitinne. Tumann sé na leanaí le linn am scoile sa mhionteanga Gaeilge; cuireann leanaí i suíomhanna tumoideachais na Gaeilge lena mbonn teanga gan baol dá bhforbairt sa Bhéarla toisc go bhfuil siad timpeallaithe ag an mBéarla sa phobal i gcoitinne mar mhórtéanga. Tá buntáistí an tumoideachais le feiceáil go soiléir na scoileanna Gaeilge ina bhfuil leanaí ó chúlraí éagsúla, lena n-áirítear iad siúd i scoileanna atá lonnaithe i limistéir faoi mhíbhuntáiste.
- I bhfianaise a tábhachta teangeolaíochta agus cultúrtha, foghlaimíonn na leanaí uile ag leibhéal na bunscóile, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, Gaeilge ó thus a mbunscolaíochta. Níl aon fhianaise ann a thugann le tuiscint go mbíonn drochthionchar ag foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga ar fhorbairt teanga Béarla

leanaí, is cuma cén cúlra atá acu. Go deimhin, má thugtar an deis do na daltaí uile Gaeilge a fhoghlaim agus páirt a ghlacadh in éispéiris foghlama teanga Gaeilge atá taitneamhach agus cumarsáideach ó thús na bunscolaíochta, cuirfear feabhas ar a suim agus a scileanna chun teangacha breise a shealbhú. Má fhoghlaimítear teanga nua ó thús na scolaíochta, cinntefar freisin go bhfuil cothromas sna heispéiris foghlama do na leanaí uile.

Féinmheastóireacht Scoile agus an Curaclam Teanga Bunscoile

Tá na freagraí seo tugtha ag an gCigireacht ar na ceisteanna seo a leanas mar chabhair do scoileanna i dtaobh Féinmheastóireacht Scoile a úsáid d'fhonn tacú le cur i ngníomh an Churaclam Teanga Bunscoile.

An seasamh ar an iomlán:

- Is é an rud is tábhachtaí ná gan dearmad a dhéanamh gur *próiseas athbhreithnithe agus feabhsaithe leanúnaigh* í Féinmheastóireacht Scoile a dhéanann difríocht don teagasc agus don múineadh sa seomra ranga.
- In imlitir 0039/2016 a d'fhoilsigh ag an Roinn le déanaí leagtar amach na riachtanais don dara timthriall den bhFéinmheastóireacht Scoile ó 2016 go 2020. Ní mór do scoileanna leanúint orthu a gcuid Féinmheastóireacht Scoile a dhírú ar theagasc agus foghlaim. Is féidir le scoileanna roghnú idir díriú isteach ar 2, 3 nó ar 4 ghné den teagasc agus foghlaim thar tréimhse ceithre bliana de réir a gcuid riachtanas agus ar leithne agus doimhne na réimsí a ndírítear orthu. Tá Treoirínte Athbhreithnithe d'Fhéinmheastóireacht Scoile foilsithe ag an gcigireacht a ghabhann leis an imlitir mar thacaíocht do scoileanna sa phróiseas Féinmheastóireacht Scoile.
- Slí áisiúil is ea Féinmheastóireacht Scoile mar thacaíocht nuair a chuirtear athrú tosaíochta i ngníomh i scoil agus is féidir í a úsáid go solúbtha. In Imlitreacha 0016/2015 (Curaclam Teanga Bunscoile) agus 0039/2016 moltar go mbainfeadh scoileanna úsáid as Féinmheastóireacht Scoile go tipiciúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas reatha atá acu agus tionscnamh nua ar bith á chur isteach acu, an Curaclam Teanga Bunscoile san áireamh.
- Is próisis chomhlántacha iad féinmheastóireacht agus meastóireacht sheachtrach. Tá siad araon dírithe ar fheabhsú. I meastóireachtaí seachtracha, go háirithe i meastóireachtaí scoile uile, glactar san áireamh an tslí ina dtéann an scoil i ngleic leis an bhféinmheastóireacht chomh maith le torthaí na féinmheastóireachta.

1. Conas is féidir le scoileanna leas a bhaint as an bhFéinmheastóireacht Scoile agus an Curaclam Teanga Bunscoile á phleanáil agus á chur i ngníomh acu?

Spreagtar scoileanna in imlitir 0061/2015 (An Curaclam Teanga Bunscoile) agus in imlitir 0039/2016 (Féinmheastóireacht Scoile) araon le húsáid a bhaint as an bpróiseas Féinmheastóireacht Scoile chun an Curaclam Teanga Bunscoile a chur i ngníomh. Slí sheantrialte is ea an próiseas Féinmheastóireachta Scoile chun a chinntiú:

- (i) go bhfuil an t-athbhreithniú ar chleachtas reatha comhoibritheach cuimsitheach
- (ii) go sainaithníonn an scoil gnéithe den gcleachtas reatha atá éifeachtach agus gnéithe nach mór iad a athrú agus a chur chun cinn
- (iii) go gcuirtear ar chumas na scoile cinneadh a dhéanamh ar na spriocanna agus na bearta atá ag teastáil sa phróiseas athraithe.

Dá bhrí sin is próiseas fóroiriúnach é chun tionscnamh nua ar bith a thabhairt isteach a bhaineann le cleachtas sa seomra ranga.

2. An gcuirfeadh treoir ar leith maidir le húsáid Féinmheastóireacht Scoile ar fáil i ndáil le pleanáil i gcomhair an Churaclam Teanga Bunscoile, agus cathain a mbeidh sé ar fáil?

In imlitir 0039/2016 leagtar amach an comhthéacs agus na riachtanais don dara timthriall den bhFéinmheastóireacht Scoile ó 2016 go 2020. Tá creat ama molta chun an Curaclam Teanga Bunscoile a chur i ngníomh tríd an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile a úsáid leagtha amach ar leathanach 3 den imlitir. Tá alt ina mínítear i mBéarla agus i nGaeilge conas is féidir le scoileanna an próiseas Féinmheastóireachta Scoile a úsáid chun pleanáil a dhéanamh i dtaobh cur i ngníomh an Churaclam Teanga Bunscoile ar fáil in eagrán 7 de SSE Update (Bealtaine 2016). Tá sé seo ar fáil ag www.schoolself-evaluation.ie. Tá an Chigireacht ag tnúth le hábhair a chur leis an suíomh gréasáin SSE i gcaitheamh ama agus tá ar intinn aici físeáin a chur leis ina bhfuil príomhoidí scoile ag caint faoi úsáid an phróiseas Féinmheastóireachta Scoile d'fhonn an Curaclam Teanga Bunscoile a thabhairt isteach.

Tá dul chun cinn mór déanta ag an nGrúpa Pleanála Idirghníomhaireachta (ina bhfuil ionadaithe ar NIPT (Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí), PDST (An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí), SESS (An tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta) maidir le treoir a ullmhú do pleanáil fhadtéarmach agus pleanáil ghearrthéarmach múinteoirí ar leith don gCuraclam Teanga Bunscoile. Beidh teimpléid dréachta ar fáil ó Mheán Fómhair 2016.

3. Sa chéad timthriall den bhFéinmheastóireacht scoile d'oibrigh scoileanna ar thrí phlean feabhsúcháin scoile. An gcuireann scoileanna na pleananna seo i ngníomh i gcónaí agus pleanáil á déanamh acu ag an am céanna chun an Curaclam Teanga Bunscoile a chur i ngníomh sa dara timthriall den bhFéinmheastóireacht Scoile?

Cuireann. Próiseas feabhsúcháin leanúnaigh is ea an próiseas Féinmheastóireachta Scoile. Tugann sé am chun cleachtais nua a neadú agus cuid den 'tslí ina ndéantar rudaí sa scoil seo againne' a dhéanamh daoibh. Ba chóir do gach scoil leanúint uirthi ag cur i ngníomh bearta feabhsúcháin na chéad timthriallach den bhFéinmheastóireacht Scoile agus monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar atá acu. Forbróidh scoileanna plean(anna) feabhsúcháin a bhfuil cur i ngníomh an Churaclam Teanga Bunscoile i mBéarla agus i nGaeilge sníofa isteach ann (iontu) mar chuid den dara timthriall den bhFéinmheastóireacht Scoile. B'fhéidir gur mhaith le scoileanna féachaint ar an léaráid ar leathanach 3 d'Imlitir 0039/2016 ina moltar slí chun smaoineamh ar bhogadh ó thimthriall a haon go timthriall a dó den bhFéinmheastóireacht Scoile le linn don gCuraclam Teanga Bunscoile a bheith á chur i ngníomh acu.

4. An bhfuil an Curaclam Teanga Bunscoile agus Féinmheastóireacht Scoile ag réiteach lena chéile i ndáiríre? Ní mór do scoileanna tús a chur leis an teanga labhartha a chur i ngníomh in 2016/17 agus le léamh agus scríobh in 2017/2018, agus tá sé i gceist go bpléifidh Féinmheastóireacht Scoile le hobair na scoileanna ar phleananna feabhsúcháin ina gcomhthéacs féin.

Tá. Tá úsáid an phróiseas féinmheastóireacht scoile ag réiteach go han-mhaith le tabhairt isteach an Churaclam Teanga Bunscoile. In Imlitir 0039/2016 aithnítear go bhfuil difríochtaí idir scoileanna agus go n-athraíonn tosaíochtaí ó scoil go chéile. Mar shampla, is féidir le scoileanna roghnú idir tosaíocht a thabhairt do 2, 3 nó 4 réimse idir 2016 agus 2020 i ndáil le Féinmheastóireacht scoile de réir a gcomhthéacs féin. Is cuid de chomhthéacs *gach* bunscoile é an curaclam a sheachadadh áfach. Ní mór do gach scoil an Curaclam Teanga Bunscoile a thabhairt isteach ar shlí chéimnithe. Is ciallmhar an rud é má úsáideann scoileanna an próiseas Féinmheastóireacht Scoile chun cleachtas reatha i dtaobh forbairt teanga agus litearthachta na scoláirí a scrúdú chun tacú le cur i ngníomh an Churaclam Teanga Bunscoile.

5. Tá plean feabhsúchán litearthachta ón chéad timthriall na Féinmheastóireachta Scoile á chur i ngníomh ag scoil cheana féin. Conas is féidir leis an scoil cur i ngníomh an Churaclam Teanga Bunscoile a chomhtháthú sa phlean feabhsúchán litearthachta atá ag an scoil cheana féin?

Is próiseas leanúnach timthriallach é Féinmheastóireacht Scoile ina mbíonn síor-mhachnamh á dhéanamh ag scoileanna ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu agus ina ndéanann siad athbhreithniú ar chur i ngníomh na mbearta Féinmheastóireacht Scoile sna seomraí ranga. Ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn a gcuid spriocanna agus bearta go bliantúil i dtaobh na fianaise nua a thagann chun cinn ón athbhreithniú leanúnach. I bhfianaise an athbhreithnithe bhliantúil seo agus na fianaise a thagann chun cinn d'fhéadfadh na scoileanna ceachtar díobh seo a roghnú: spriocanna agus bearta nua nó spriocanna agus bearta athbhreithnithe a shníomh isteach ina bplean litearthachta nó plean feabhsúcháin nua a fhorbairt a thacóidh le cur i ngníomh an Churaclam Teanga Bunscoile sna seomraí ranga.

6. I bhfianaise cur i ngníomh an Churaclam Teanga Bunscoile, an ar litearthacht amháin (Béarla agus Gaeilge) a dhíreoidh scoileanna sa chéad timthriall eile den bhFéinmheastóireacht Scoile?

Ní hea. In Imlitir 0039/2016 tugtar solúbthacht do scoileanna. Is féidir leo díriú ar 2, 3 nó 4 réimse teagasc agus foghlama a bhaineann lena gcomhthéacs agus lena gcuid riachtanas féin sa dara timthriall 4-bhlíana den bhFéinmheastóireacht Scoile. Táthar ag súil áfach, go leanfaidh gach scoil uirthi ag saothrú chun feabhas a bhaint amach i litearthacht agus uimhearthacht a gcuid scoláirí agus i ngnéithe eile den teagasc agus den bhfoghlaim a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh ag an scoil. Sa dara timthriall den bhFéinmheastóireacht Scoile ba chóir do gach scoil leanúint uirthi cleachtais a neadú atá tugtha isteach aici chun tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta. Tarlaíonn foghlaim teanga thar gach réimse den gCuraclam Bunscoile agus is ceann de na teachtaireachtaí is tábhachtaí den gCuraclam Teanga Bunscoile é seo. D'fhonn tacú le cur i ngníomh an Churaclam Teanga Bunscoile is féidir le scoileanna fiosrú, mar rogha, conas a d'fhéadfaí foghlaim teanga a mhéadú agus a fheabhsú i gcomhthéacs forbairt scoileanna uimhearthachta nó i gcomhthéacs réimsí eile den gCuraclam. Lena chois sin ba chóir do scoileanna dul i dtaithí ar na fearainn agus na caighdeáin um theagasc agus foghlaim a dtugtar cuntas orthu i *Looking at Our School 2016: A Quality Framework for Schools* agus b'fhéidir gur rogha leo díriú isteach ar ghné den teagasc agus foghlaim thar roinnt réimsí curaclaim.

7. An gá do scoileanna ingearacha dhá phlean litearthachta a chur i ngníomh, ceann amháin atá bunaithe ar an gCuraclam Teanga Bunscoile ó naíonáin shóisearacha go rang a 2 agus ceann eile atá bunaithe ar churaclam 1999 ó rang a 3 go rang a 6?

8. Socróidh na scoileanna conas is fearr an Curaclam Teanga Bunscoile a chur i ngníomh ina gcomhthéacs féin. D'fhéadfadh go bhfuil sprioc(anna) agus bearta ar leith ag scoil ina plean feabhsúcháin do Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó a bhaineann leis an gCuraclam Teanga Bunscoile agus sprioc(anna) agus bearta feabhsúcháin eile do rang a 3 go rang a 6. Cabhróidh an próiseas Féinmheastóireachta Scoile chun na nithe atá éifeachtach agus na nithe nach mór iad a athrú a aimsiú i dtaobh teagasc agus foghlaim teanga i mBéarla agus / nó i nGaeilge thar gach rang.

Go hachomair, ní hea go ndíríonn Féinmheastóireacht Scoile ar an bpáipéarachas nó ar phleananna ach ar athruithe ar an tslí ina dtarlaíonn teagasc agus foghlaim sa scoil. Agus iad ag caint faoin bhFéinmheastóireacht Scoile i mbun gnímh dúirt a lán múinteoirí gur féidir le hathruithe beaga ar chleachtas sa seomra ranga tionchar nach beag a bheith acu ar eispéiris foghlama na scoláirí agus ar a gcuid torthaí. Cuireann Féinmheastóireacht Scoile próiseas ar fáil do scoileanna chun athrú agus feabhsú a chur i gcrích. Dá bhrí sin is í an próiseas is fearr í chun tacú le hathrú curaclaim.